# COLÁISTE ÁRAINN MHÓIR

# POLASAÍ FRITHBHULAÍOCHTA
## Bí Cineálta

**RÁITEAS TOSAIGH:**

Ag teacht le polasaí náisiúnta *Bí Cineálta: Nósanna Imeachta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna*, tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Coláiste Árainn Mhóir mar chuid de chód iompair iomlán an choláiste. Géilleann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht (2022).

Eispéireas is ea bulaíocht nár cheart go mbeadh ar leanbh ná ar dhuine óg ar bith cur suas léi. Is féidir léi cur isteach ar rannpháirtíocht sa scoil, féinmhuinín agus mothú féiniúlachta agus muintearais an duine óig. Is féidir le hiompraíocht bhulaíochta dul i gcion ar an smacht atá ag an leanbh ar rudaí agus ar a c(h)umas gníomh éifeachtach a dhéanamh. Tá foireann iomlán an choláiste tiomanta leis an bhulaíocht a chosc agus deileáil le cásanna bulaíocht a thagann chun cinn i gColáiste Árainn Mhóir.

Is ceist í an bhulaíocht a bhaineann le cearta leanaí. Cuireann an bhulaíocht as do na cearta a leanas de chuid an linbh mar atá leagtha amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh:

- an ceart chun saoirse nochta tuairime (Airteagal 13)
- an ceart chun saoirse smaoinimh, coinsiasa agus creidimh (Airteagal 14)
- an ceart chun saoirse comhlachais agus chun saoirse comhthionóil shíochánta (Airteagal 15)
- an ceart chun príobháideachais (Airteagal 16)
- an ceart chun cosaint a fháil ó gach cineál mí-úsáide agus faillí (Airteagal 19)
- an ceart an caighdeán is airde sláinte is féidir a bheith ar fáil dó nó di (Airteagal 24)
- an ceart chun oideachas a fháil (Airteagal 28)
- an ceart chun a c(h)ultúr, a c(h)reideamh nó a t(h)eanga féin a bheith aige nó aici (Airteagal 30)

Aithníonn an coláiste a thromchúisí is atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an coláiste dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais atá leagtha amach sa pholasaí seo agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac. Cuireann na nósanna imeachta Bí Cineálta treoir ar fáil do scoileanna, maidir le bearta chun aghaidh a thabhairt ar iompraíocht bhulaíochta i scoileanna agus dul i ngleic léi. Tagann siad in ionad na Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna 2013.

## SAINMHÍNIÚ AR IOMPAR BULAÍOCHTA

Is é a thugann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar shainmhíniú ar bhulaíocht ná:
'**Iompar spriocdhírithe** a dhéanann **dochar**, ar líne nó as líne, is ea bulaíocht. D'fhéadfadh sé gur dochar fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach a bheadh i gceist. **Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama** agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó idir grúpaí daoine sa tsochaí.

- **Iompraíocht Spriocdhírithe agus D'aon Ghnó**
    - Iompar a dhéantar d'aon ghnó, nach n-iarrtar agus a dhéanann dochar do dhuine eile atá sa bhulaíocht. Tuigeann an duine atá ag tabhairt faoin bhulaíocht go bhfuil dóchar a dhéanamh acu. Thiocfadh leis an dochar a bheith fisiciúil, sóisialta, mothúchánach.
    - Ní mheasfar gníomhartha timpisteacha nó neamhbheartaithe mar bhulaíocht, ach caithfear fós aghaidh a thabhairt orthu faoi chód iompair na scoile.
- **Patrún Leanúnach nó Córasach**
    - De ghnáth, bíonn sraith iompraíochtaí d'aon ghnó, spriocdhírithe, a tharlaíonn thar thréimhse ama i gceist leis an bhulaíocht.
    - Ní mheastar gur bulaíocht iad eachtraí aonair dhiúltacha, fiú má tá siad d'aon ghnó, ach caithfear iad a láimhseáil faoi chód iompair na scoile.
    - Féadfar teachtaireacht, íomhá nó físeán **amháin** a phostáil ar líne a mheas mar bhulaíocht má tá seans maith ann go roinnfear í arís nó go ndéanfar í a scaipeadh.
- **Neamhchothroime Cumhachta**
    - Bíonn lámh in uachtar ag duine amháina agus iad ag dul faoin bhulaíocht, rud a chuireann deacracht ar an íospartach seasamh ina c(h)oinne.
    - D'fhéadfadh an neamhchothroime sin a bheith bunaithe ar mhéid, neart, aois, cumas, tionchar piaraí, stádas sóisialta nó eacnamaíochta, cine, reiligiún, oidhreacht eitneach (pobal an Lucht Siúil nó pobal na Romach), claonadh gnéasach, cúrsaí teaghlaigh, inscne, féiniúlacht inscne, léiriú inscne, taithí ar chóras cúraim, míchumas, nó riachtanais speisialta oideachais.
    - I gcás na cibearbhulaíochta, d'fhéadfadh an neamhchothroime a bheith bunaithe ar anaithnideacht, scileanna teicniúla, nó seilbh ar ábhar gránna nach bhfuil an íospartach in ann a bhaint ná éalú uaidh.

- **Tionchar agus Freagra**

    - Thiocfadh leis an bhulaíocht tionchar diúltach agus fadtéarmach a bheith aici ar fholláine fhisiciúil, shóisialta agus mhothúchánach an íospartaigh.
    - Fiú mura bhfuil an dochar d'aon ghnó, má tá an t-iompar ina cúis le crá leanúnach, caithfear é a láimhseáil faoin chód iompair agus más gá, faoi polasaí frithbhulaíochta Bí Cineálta na scoile.

Is é atá thíos ná sainmhíniú cuimsitheach ar iompar bulaíochta faoi na príomhcheannteidil. Caithfear a thuiscint áfach nach bhfuil na samplaí a leanas uileghabhálach:

1. **Bulaíocht Fhisiciúil**
   Iompar fisiciúil díobhálach d'aon turas- duine a bhrú, a shoncáil, a chiceáil, nó drochionsaithe. D'fhéadfadh sí a bheith dírithe ar mhaoin phearsanta freisin; damáiste a dhéanamh nó rud a ghoid.

2. **Bulaíocht ó Bhéal**
   Glaonna maslacha leanúnacha a dhéanann dochar don scoláire, go minic bunaithe ar chuma, féiniúlacht ghnéis, cúlra nó cumas.

3. **Bulaíocht i Scríbhinn**
   Ráitis mhaslacha nó líníochtaí faoi scoláire a scríobhtar nó a scaiptear, go poiblí nó go príobháideach.

4. **Sracadh**
   Earraí a thógáil le fórsa nó le bagairt – cineál brú fisiciúil nó eagla.

5. **Eisiamh Sóisialta**
   Scoláire a fhágáil ar lár go córasach, neamhaird a dhéanamh air/uirthi nó é/í a dhíbirt ó ghníomhaíochtaí nó grúpaí.

6. **Bulaíocht i gCaidrimh**
   Ionramháil sóisialta leanúnach, mar shampla; scaipeadh ráflaí, bagairtí ar chairdeas, grúpaí a chur ina choinne, nó néamhaird a dhéanamh.

7. **Cibearbhulaíocht**
   Bulaíocht ar líne trí theachtaireachtaí, íomhánna nó físeáin maslacha, cuntais bhréagacha, eisiamh ó ghrúpaí digiteacha, nó rochtain ar fhaisnéis íogair a roinnt gan chead. D'fhéadfadh gnéaschiapadh digiteach bheith san áireamh freisin.

Tá **cineálacha** éagsúla bulaíochta ann a dhéanann dochar do scoláirí:

- Bulaíocht i leith daoine atá faoi mhíchumas, cibé acu aitheanta nó samhlaithe.
- Bulaíocht i leith scoláirí ardchumais – mar gheall ar chumas acadúil nó buanna.
- Bulaíocht a bhaineann le féiniúlacht inscne – ag déanamh dochar bunaithe ar inscne, cibé acu aitheanta nó samhlaithe.
- Bulaíocht LADTA+ (homafóbach/trasfhóbach) – bunaithe ar ghnéasacht nó féiniúlacht inscne.

- Bulaíocht mar gheall ar chuma fhisiciúil – ag magadh nó ag cáineadh cruth, méid nó tréithe coirp.
- Bulaíocht chiníoch – mar gheall ar chine, dath craicinn, nó bunús eitneach.
- Bulaíocht bhochtaineachta – nuair a dhéantar náire ar dhuine mar gheall ar easpa acmhainní.
- Bulaíocht reiligiúnach – mar gheall ar fhéiniúlacht nó cleachtas reiligiúnach.
- Bulaíocht ghnéasaíoch – bunaithe ar steiréitíopaí gnéis nó mí-úsáid bunaithe ar inscne.
- Ciapadh gnéasach – aon teagmháil nó iompraíocht ghnéasach nach dteastaíonn a chuireann isteach ar dhínit an scoláire.

**Iompar nach Meastar gur Bulaíocht é**

- Ní mheastar gur bulaíocht í **gníomh diúltach aon uaire i gcoinne scoláire eile**, cé go bhféadfadh mí-iompar a bheith i gceist.
- Ní mheastar gur bulaíocht é **easaontas idir daltaí ná cinneadh gan cairdeas a dhéanamh**, mura bhfuil iarrachtaí leanúnacha ann duine a chiapadh, a eisiamh nó fuath ina c(h)oinne a chur chun cinn.
- D'fhéadfadh **iompair a thagann ó scoláirí le riachtanais speisialta oideachais** a bheith neamhphleanáilte nó neamhspléach orthu féin. Níor cheart glacadh leis go bhfuil intinn dhíobhálach taobh thiar díobh i gcónaí.
- Má bhíonn scoláire trína chéile nó cráite ag iompraíocht nach raibh i gceist leis dochar a dhéanamh, ní hionann é sin agus bulaíocht ach is gá aghaidh a thabhairt air.

Déileáiltear le drochiompar nach bulaíocht é trí straitéisí atá leagtha amach i gcód iompair an choláiste.

## GNÍOMHARTHA CHUN IOMPAR BULAÍOCHTA A CHOSC

Is é atá mar aidhm ag an pholasaí frithbhulaíochta seo ná na deiseanna bulaíochta a laghdú trí eolas ar nádúr agus ar iarmhairtí na bulaíochta a scaipeadh. Leis an fhadhb a chosc, tá sé i gceist:

- Cultúr ionchuimsitheach a chur ar fáil inar glactar le difríochtaí.
- Áit shábháilte a chur ar fáil inar spreagtar daltaí le bulaíocht a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach.
- Caidrimh bunaithe ar mheas a chothú ar fud phobal na scoile.
- Polasaí Bí Cineálta na scoile a chur ar taispeáint thart timpeall an choláiste agus daltaí a chur ar an eolas faoi.
- Ceannaireacht láidir agus beartas comhsheasmhach a chur i bhfeidhm.
- Cásanna bulaíochta a thaifeadadh go comhsheasmhach agus imscrúdú a dhéanamh ar straitéisí idirghabhála oiriúnacha.
- Go mbeidh tuiscint ag gach dalta ar an cur chuige Labhair Amach atá againn i gColáiste Árainn Mhóir.
- Go mbeidh tuiscint roinnte ar cad is bulaíocht ann agus ar an tionchar atá aici.
- Go mbeidh suirbhé rúnda fríth-bhulaíochta curtha ar na daltaí ar a laghad uair sa chúrsa chun cásanna ar bith bulaíochta a nochtadh.s
- Go mbeidh cosc iomlán ar an fhón póca i rith an chúrsa- seachas ón 6:45-7:00 chun deis glaoch abhaile a thabhairt do dhaltaí.

- Go mbeadh nósanna imeachta agus céimeanna ceannais shoiléire ann chun tuairisc a thabhairt ar eachtraí bulaíochta.
- Feiceálacht na mball foirne atá i mbun maoirseachta ag amanna sosa a fheabhsú lena náirítear le linn dualgas clóis
- Fograí agus teachtaireachtaí fríthbhulaíochta a roinnt sna ranganna agus ag an tionól iarnóin.
- Fograí agus teachtaireachtaí fríthbhulaíochta a bheith le feiceáil sa choláiste.
- Acmhainní agus tacaíocht a chur ar fáil don fhoireann
- Beartais frithbhulaíochta a mheas agus a fheabhsú go leanúnach.
- Go mbeidh ról gníomhach ag an fhoireann, ag daltaí agus ag tuismitheoirí/caomhnóirí sa phróiseas agus go n-oibreoidh an pobal iomlán scoile le chéile chun bulaíocht a chosc.

## CULTÚR DEARFACH SCOILE

I gColáiste Árainn Mhóir, creidimid go bhfuil cultúr dearfach, ionchuimsitheach agus slán riachtanach chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. Baineann muintearas, meas, cúram, ionracas agus muinín le gach caidreamh idir baill an phobail scoile – idir scoláirí, foireann agus tuismitheoirí. Cuireann cumarsáid oscailte agus cur chuige comhoibríoch le hiompar dearfach. Tá sé de dhualgas ar gach ball den choláiste cultúr a chruthú nach nglacann le bulaíocht ar bith. Cuirtear béim ar an seiceáil isteach rialta le daltaí tríd na múinteoirí ranga, cinnirí agus mná tí. Chomh maith leis sin roinntear liosta daltaí ar chóir fáire amach dóibh leis an fhoireann nuair a bhíonn gá.
Tá ról lárnach ag an bhfoireann cheannaireachta i gcur chun cinn na gcaighdeán sin.

## MAOIRSEACHT

I gColáiste Árainn Mhóir, aithnítear an tábhacht a bhaineann le maoirseacht éifeachtach chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi. Déanaimid gach iarracht an deis bhulaíochta a laghdú trí bheith eolach ar iompar bulaíochta agus bheith in ann é a aithint. Spreagaimid na daltaí gan glacadh leis an saghas sin iompair agus a thuiscint go bhfuil áiteanna áirithe inar mó an baol go ndéanfar bulaíocht iontu. Bíonn foireann an choláiste ag déanamh maoirseachta i rith amanna sosa agus amanna lóin.
Cuirtear gníomhaíochtaí eagraithe ar fáil le linn amanna sosa chun spéis agus rannpháirtíocht na scoláirí a spreagadh agus timpeallacht shábháilte, dhearfach a chothú.

## NAISC EILE A D'FHÉADFAÍ A BHEITH ANN

- Meantóireacht- Daltaí Sóiearacha agus Sinsireacha.
- Curaclam neamhfhoirmeálta m.sh spóirt, gníomhaíochtaí seach-churaclam a chuireann béim ar an tábhacht a bhaineann le comhoibriú agus caoinfhulaingt.

## **CAD IS FÉIDIR LE MIC LÉINN A DHÉANAMH**?

Is minic ar féidir leis an bhulaíocht a bheith an-chaolchúiseach agus nach dtugann na múinteoirí é faoi deara. Mar sin spreagaimid na daltaí a bheith freagrach trí na moltaí seo a leanas a chur i ngníomh:

- Iad féin a chur ar an eolas maidir le beartas agus nós imeachta an choláiste i leith na bulaíochta. Chuirtear an cur chuige Labhair Amach chun tosaigh sa choláiste- agus duine fásta iontaofa ag gach dalta le labhairt le.
- Tuairisc a thabhairt ar eachtraí bulaíochta a fheiceann siad fiú mura mbaineann siad leo go díreach
- É a insint do mhúinteoirí
- É a insint do dhaltaí eile
- É a insint do bhean an tí
- É a insint do thuismitheoirí/do chaomhnóirí
- É a insint do chinnire.
- Díoltas a sheachaint
- Seachain do tharraingt isteach i mbulaíocht, sé sin, go mbeadh páirt agat i ngrúpa bulaíochta
- Meas agus tuiscint ar dhaoine eile a chur chun cinn

## **TUISMITHEOIRÍ /CAOMHNÓIRÍ**

- Iad féin a chur ar an eolas maidir le polasaí an choláiste agus a leithéid, i leith na bulaíochta.
- Béim a leagan ar cé chomh mí-oiriúnach is atá an bhulaíocht sa bhaile srl.
- Tacaíocht a thabhairt do bheartas frithbhulaíochta an choláiste.

## **AG AITHINT AR THARLA BULAÍOCHT**

An sainmhiniú a thugtar ar an bhulaíocht ná '**Iompar spriocdhírithe** a dhéanann **dochar**, ar líne nó as líne, is ea bulaíocht. D'fhéadfadh sé gur **dochar fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach** a bheadh i gceist. **Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama** agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó idir grúpaí daoine sa tsochaí.

Tá gach ball foirne i gColáiste Árainn Mhór freagrach as bulaíocht a chosc agus an polasaí Bí Cineálta a chur i bhfeidhm. Tá dualgas ar gach ball foirne taifead ar iompar bulaíochta nó droch iompar a dhéanamh agus an t-eolas a chur ar aghaidh go dtí an Príomhoide nó an Leas-phríomhoide. Déanfaidh an Príomhoide nó an Leas-phríomhoide fiosriúchán i gcásanna aitheanta bulaíochta.

**Conas a Aithníonn Ball Foirne an bhfuil Iompar Bulaíochta i gceist?**

Nuair a thuairiscítear iompar bulaíochta, caithfidh an ball foirne na ceisteanna seo a leanas a mheas agus cuirfidh sé/sí isteach cuid 1 den fhoirm thuairiscithe:

1. An bhfuil an t-iompar dírithe ar scoláire nó ar ghrúpa scoláirí ar leith?

2. An bhfuil an t-iompar dírithe ar dhochar fisiciúil, sóisialta nó mothúchánach a dhéanamh?

3. Ar bhfuil an t-iompar seo ar tarlú arís agus arís? Sin é ar tharla sé níos mó ná uair amháin nó an cibearbhulaíocht atá i gceist?

Más 'Tá' atá mar fhreagra ar gach ceann de na ceisteanna thuas, meastar gur iompar bulaíochta atá i gceist agus ba chóir dul i ngleic leis ag úsáid nósanna imeachta Bí Cineálta (Céim D).

**Nóta:** I gcásanna áirithe, id féidir gníomh aonuaire a mheas mar iompar bulaíochta. Mar shampla, is féidir teachtaireacht ghránna aonair ar na meáin shóisialta a mheas mar bhulaíocht, ós rud é go dtiocfar í a roinnt arís agus arís eile.

Más é 'Níl' an freagra ar aon cheann de na ceisteanna thuas, ní mheastar gur bulaíocht atá i gceist. Bainfear úsáid as straitéisí eile ón chód iompair chun dul i ngleic leis an iompar.

**Treoir don fhoireann:**

Agus an fhoireann ag aithint an bhfuil bulaíocht i gceist, ba chóir na ceisteanna seo a mheas: Cad a tharla? Cár tharla sé? Cathain? Cén fáth?

- Má tá grúpa scoláirí i gceist, caithfear labhairt le gach duine ina n-aonar ar dtús.

- Ina dhiaidh sin, buaileann an múinteoir leis an ghrúpa ar fad.

- Le linn an chruinnithe ghrúpa, iarrtar ar gach scoláire a leagan den eachtra a thabhairt chun tuiscint choiteann a chinntiú.

- Tabharfar tacaíocht chuí do gach scoláire tar éis an chruinnithe.

- D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach iarradh ar na scoláirí a gcuntas a scríobh síos.

**Nuair a Tharlaíonn Iompar Bulaíochta**

Nuair a tharlaíonn iompar bulaíochta, caithfear teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí na scoláirí atá i gceist chomh luath agus is féidir chun iad a chur ar an eolas agus chun dul i gcomhairle leo faoi na gníomhartha atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompar.

Tá sé tábhachtach éisteacht le tuairimí an scoláire atá ag fulaingt ón iompar bulaíochta.

- Ba chóir taifead a choinneáil ar an idirghníomhú le gach páirtí atá bainteach leis an gcás – féach Aguisín 1.
- Ba chóir don taifead seo cur síos a dhéanamh ar chineál agus foirm an iompair bhulaíochta, más eol (féach Rannóga 2.5 agus 2.7 de na Nósanna Imeachta Bí Cineálta), chomh maith le háit agus am an eachtra, agus dáta an chéad idirghnímh leis na scoláirí agus lena dtuismitheoirí.
- Ba chóir freisin tuairimí na scoláirí agus a dtuismitheoirí a thaifeadadh.

**Fiosriú nuair a tharlaíonn iompar bulaíochta**

- Ní mór don bhall foirne teagmháil a dhéanamh arís leis na scoláirí atá bainteach leis an chás bulaíochta.
- Déanfar breithniú ar na nithe seo a leanas mar chuid den idirghníomhaíocht: nádúr an iompair bhulaíochta, éifeachtacht na straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis, agus an gaol idir na scoláirí atá i gceist.
- Déanfar taifeadadh ar an athbhreithniú seo le scoláirí  chun a chinntiú an bhfuil stop curtha leis an iompar bulaíochta.
- Ba cheart an dáta ar cinneadh go bhfuil an t-iompar bulaíochta stoptha a thaifeadadh.
- Ba cheart aon idirghníomhaíocht le seirbhísí nó tacaíochtaí seachtracha a thaifeadadh freisin.
- D’fhéadfadh maoirseacht agus tacaíocht leanúnach a bheith ag teastáil do na scoláirí atá bainteach, fiú má tá deireadh tagtha leis an iompar bulaíochta.
- Má tá sé soiléir go bhfuil an scoláire atá ag tabhairt faoin iompair bhulaíochta fós ag leanúint ar aghaidh leis, féadfaidh an coláiste úsáid a bhaint as smachtbhannaí mar atá leagtha amach i gcód iompair na scoile.

**H. Iompar Coiriúil**

Thiocfadh le bulaíocht a bheith mar iompar coiriúil faoi chúinsí áirithe agus thiocfadh leiarmhairtí dlíthiúla a bheith i gceist. Is é 12 bliana d’aois aois na freagrachta coiriúla in Éirinn.

D’fhéadfadh roinnt iompair ar líne a bheith mídhleathach, agus caithfidh scoláirí a bheith ar an eolas faoi na hiarmhairtí tromchúiseacha a bhaineann le hábhar míchuí nó dochrach a phostáil ar

líne. I gcásanna a bhaineann le híomhánna pearsanta, déanann an Acht um Chiapadh, Cumarsáidí Dochracha agus Cionta Gaolmhara 2020, ar a dtugtar Dlí Coco, coiriúil an íomháint phearsanta a roinnt gan toiliú, agus freisin bagairtí a bhaineann leis na híomhánna sin a roinnt.

Má bhaineann an t-iompar bulaíochta le foréigean fisiciúil nó bagairtí foréigin, is féidir é a mheas mar ionsaí.
Má bhaineann an t-iompar le idirdhealú nó teanga fuatha atá dírithe ar scoláire bunaithe ar a rás, a reiligiún, a náisiúntacht, a eitneacht, a chlaonadh gnéasach, nó a bheith mar bhall den phobal Lucht Siúil, d'fhéadfaí é a mheas mar choir fuatha faoi Acht um Thoirmeasc ar Spreagadh Fuatha 1989, agus thiocfadh leis an té atá bainteach aghaidh a thabhairt ar chúiseamh coiriúil.

Má bhaineann an t-iompar bulaíochta le ciapadh gnéasach nó ionsaí gnéasach, féadfar freisin é a mheas mar iompar coiriúil.
Is é **An Garda Síochána** an t-údarás cuí chun líomhaintí maidir le hiompar coiriúil a fhiosrú.

**I. Nuair a éiríonn iompar bulaíochta ina ábhar imní faoi chosaint leanaí**

Leagtar síos in Alt 10 den Acht um Leanaí ar dtús, 2015 oibleagáid dhlíthiúil ar scoileanna, mar "sholáthraí seirbhíse ábhartha," a chinntiú, chomh fada agus is féidir, go bhfuil gach leanbh a fhreastalaíonn ar an scoil sábháilte ó dochar agus iad ar scoil nó ag glacadh páirte in imeachtaí scoile.

Is é an treoir náisiúnta maidir le cosaint leanaí ná Children First – National Guidance (2017). Luaitear sa treoir seo go bhféadfadh, i gcásanna tromchúiseacha de bhulaíocht a bhféachtar orthu mar iompar maslach féideartha, go mbeadh gá le tuairisc a thabhairt do Tusla nó do na Gardaí, de réir mar is cuí.

**AG TACÚ LE SCOLÁIRÍ**

Úsáidfidh an coláiste na cur chuige seo a leanas chun tacú leo siúd a bhfuil bulaíocht déanta orthu, a bhfaca bulaíocht, agus a léiríonn iompar bulaíochta:

- Tacaíocht breise ón mhúinteoir/ cinnire/bean an tí.
- Tacaíocht ó fhoireann tacaíochta na scoile- Príomhoide agus Leas-phríomhoide
- Teagmháil le tuismitheoirí chun an chás a phlé agus a shocrú
- Tagairt do doiciméid NEPS – Deachleachtais
- Tagairt le hOide – Tacaíochtaí gairmiúla do scoileanna
- Eolas a fháil ó Webwise – Treoirlínte agus tacaíochtaí maidir le sábháilteacht ar líne
- Tacaíocht nó comhairle a fháil ó Tusla/ an Garda Síochána más gá.

Déanfar gach cás de iompar bulaíochta a thaifeadadh. Déanfar tagairt don chineál iompair, cá háit agus cén uair a tharla sé, agus dáta an chruinnithe leis na scoláirí agus a dtuismitheoirí. Déanfar taifead ar na gníomhartha agus na tacaíochtaí a aontaíodh chun dul i ngleic leis an iompar bulaíochta.

Má bhaineann an t-iompar bulaíochta le hábhar imní faoi chosaint leanaí, déileálfar leis láithreach, de réir Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna.

**MONATÓIREACHT**

Beidh an polasaí ar fáil ar shuíomh greasáin an choláiste agus beidh sé le feiceáil ar chlár fógra an choláiste fosta. Is féidir cóip a iarraidh ach ceist a chur ar an choláiste. Beidh leagan an scoláire le feiceáil sna seomraí ranga.
Cuirfear an polasaí ar gach clár gnó cruinniú foirne le monatóireacht a dhéanamh ar bharúil na bhfoirne agus na ndaltaí i leith an bheartais agus a chur i bhfeidhm.
Déanfar nóta d'aon mhionathrú ar gá a dhéanamh ag an staid seo. Mar sin féin ba cheart go ndéanfar athbhreithniú agus measúnú iomlán arís sula dtosaíonn na cursaí samhraidh i 2026.

## Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú bhliantúil ar an pholasaí seo.

Ghlac an Coláiste leis an pholasaí se ar 25ú Bealtaine.

Sínithe: ________________________________

________________________________